RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1761 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Deireadh Fómhair 2021

lena gcuirtear síneadh le maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta, doimhneacht íosta na mara agus an toirmeasc ar an iascaireacht i ngnáthóga faoi chosaint, maidir leis na saighní cladaigh a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann na Cróite

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) agus Airteagal 13(5) agus (10) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1586 ([2]) lena mbunaítear maolú ar Airteagal 4(1), an chéad fhomhír, agus Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta, doimhneacht íosta na mara agus an toirmeasc ar an iascaireacht i ngnáthóga faoi chosaint, le haghaidh na saighní cladaigh a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann na Cróite. Bhain an maolú leis na saighní cladaigh traidisiúnta "girarica" agus "migavica" a úsáid chun picréil *(Spicara smaris*) a iascach, chomh maith leis an saighne cladaigh traidisiúnta a bhfuil méid mhogaill mhór air, an "šabakun", a úsáid chun bolmán ómra mór (*Seriola dumerili*) a iascach, an saighne cladaigh traidisiúnta "oližnica" a úsáid chun smealt gainimh (*Atherina boyeri*) a iascach laistigh d'uiscí teorann na Cróite. Rachaidh an maolú sin in éag an 26 Deireadh Fómhair 2021.

(2) An 22 Márta 2021, fuair an Coimisiún iarraidh ón gCróit chun síneadh a chur leis an maolú sin a bhaineann leis an saighne cladaigh traidisiúnta "oližnica" a úsáid chun smealt gainimh (*Atherina boyeri*) a iascach agus na saighní cladaigh traidisiúnta "girarica" agus "migavica" a úsáid chun picréil (*Spicara smaris*) a iascach laistigh d'uiscí teorann na Cróite. San iarraidh chéanna, d'iarr an Chróit síneadh a chur leis an maolú ar Airteagal 4(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, maidir leis na saighní cladaigh traidisiúnta "girarica" agus "migavica" a úsáid chun picréil (*Spicara smaris*) a iascach.

(3) Chuir an Chróit fáisnéis a bhí cothrom le dáta agus réasúnuithe teicniúla ar fáil chun an maolú sin a athnuachan.

(4) Ghlac an Chróit an plean bainistithe le Reacht Aireachta ([3]) i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ("Plean bainistithe na Cróite") an 15 Meán Fómhair 2021.

(5) Baineann an iarraidh le gníomhaíochtaí iascaireachta atá údaraithe cheana ag an gCróit agus cumhdaítear léi soithí a bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus atá ag feidhmiú faoi phlean bainistithe na Cróite.

(6) Cumhdaítear leis an iarratas 71 soitheach atá liostaithe i bplean bainistithe na Cróite lena rialaítear oibríochtaí saighní cladaigh in uiscí teorann na Cróite, agus ní ráthaítear le plean bainistithe na Cróite aon mhéadú eile ar an iarracht iascaireachta, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(7) Áirítear na soithí sin ar an liosta a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 13(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

([1]) IO L 409, 30.12.2006, lch. 11.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1586 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta, doimhneacht íosta na mara agus an toirmeasc ar an iascaireacht i ngnáthóga faoi chosaint, le haghaidh na saighní cladaigh a bhíonn ag iascaireacht in uiscí teorann na Cróite (IO L 264, 23.10.2018, lch. 16).

([3]) "Pravilnik o obavljanju gospodarskog ribolova na moru obalnim mrežama potegačama, IO 30/18 agus a leasuithe 49/18, 78/18, 54/19, 27/21 agus 100/21".

(8) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ("STECF") measúnú ar an síneadh leis an maolú a d'iarr an Chróit agus ar phlean bainistithe na Cróite a bhaineann leis an maolú sin ag an seisiún iomlánach a bhí aige ón 22 Márta go dtí an 26 Márta 2021 ([4]).

(9) Thug STECF dá aire go bhfuil feabhsuithe móra sa phlean bainistithe i gcomparáid leis an bplean a bhí ann roimhe sin, go háirithe maidir le feabhsuithe roghnaíochta, agus iarrachtaí measúnuithe taiscéalaíocha stoic agus pointí tagartha taiscéalaíocha a dhéanamh.

(10) An síneadh ar an maolú a d'iarr an Chróit, comhlíonann sé na coinníollacha a leagadh síos in Airteagal 4(5) agus Airteagal 13(5) agus (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(11) An maolú a d'iarr an Chróit, déanann sé difear dá bhrí sin do líon teoranta soitheach, i gcomparáid le limistéar dáileacháin mór na gcabhlach náisiúnta iomlán, arb ionann é agus níos lú ná 1 % de chabhlach iomlán na Cróite agus níos lú ná 1 % d'olltonnáiste an chabhlaigh náisiúnta uile.

(12) Tá srianta sonracha tíreolaíochta ann a chuireann teorainn leis na meánna i bhfianaise struchtúr moirfeolaíoch ar leith na Cróite, a chuimsíonn líne chósta fhada lena n-áirítear go leor oileán agus dáileadh spásúil an spriocspeicis, atá teoranta go heisiach i láithreáin agus i gcriosanna sonracha áirithe sna limistéir chósta ag doimhneacht níos lú ná 50 méadar.

(13) I ndáil leis na saighní cladaigh "girarica" agus "migavica" a úsáid chun picréil a iascach, baineann an iarraidh le gníomhaíochtaí iascaireachta soitheach atá níos giorra ná, nó cothrom le, 12 mhéadar ar fad ar an iomlán agus a bhfuil inneall de chumhacht níos laige ná, nó cothrom le, 85 kW iontu agus a bhfuil líonta a tharraingítear ar an ngrinneall feistithe orthu, rud a dhéantaí de ghnáth os cionn na ngrinneall *Posidonia*, i gcomhréir le hAirteagal 4(5), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. Ina theannta sin, an ghníomhaíocht iascaireachta i ndáil le picréil a iascach, déanann sé difear do thart ar 4 % den limistéar atá clúdaithe le grinnill d'fhéar mara *Posidonia oceanica,* laistigh den limistéar atá cumhdaithe ag an bplean bainistithe, agus do níos lú ná 3 % de ghrinnill d'fhéar mara in uiscí teorann na Cróite, i gcomhréir le ceanglais Airteagal 4(5), an chéad fhomhír, pointe (ii) agus pointe (iii), de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(14) Ní féidir tabhairt faoin iascach le trealaimh eile ós rud é nach bhfuil na saintréithe teicniúla is gá chun an cineál sin iascaigh a dhéanamh ach ag saighní cladaigh.

(15) Thairis sin, níl aon tionchar suntasach ag an iascach ar an muirthimpeallacht, ós rud é gur trealamh an-roghnaíoch iad na saighní cladaigh. I bplean bainistithe na Cróite, leagtar amach na sainmhínithe ábhartha uile maidir leis na hiascaigh lena mbaineann agus ráthaítear nach n-eiseofar údaruithe iascaireachta ach do 71 soitheach sonraithe a bhfuil údaruithe iascaireachta acu ón gCróit. I ndáil leis sin, tugtar faoi deara, i gcomhréir le plean bainistithe na Cróite agus an Reacht Aireachta, go mbunaítear na meánna do líonta na saighní cladaigh "migavica", "girarica" agus "oližnica" in Iarscríbhinn II de phlean bainistithe na Cróite, agus nach gceadófar na saighní cladaigh "oližnica" a úsáid chun smealt gainimh a iascach, ach amháin i limistéar sainithe na foroinne iascaireachta "E4" agus cuid den fhoroinn "F2". Ina theannta sin, tá toirmeasc ar líonta saighne cladaigh a úsáid sna limistéir a shainaithnítear mar pháirceanna náisiúnta agus mar ghnáthóga speisialta.

(16) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann ceanglais Airteagal 4(1), an dara mír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, toisc go ndéantar na saighní a tharraingt sa cholún uisce agus nach mbíonn siad i dteagmháil le grinneall na farraige.

(17) Níl feidhm ag ceanglais Airteagal 8(1), pointe (h), de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, arna ionadú le hAirteagal 8(1) agus Iarscríbhinn IX, Cuid B, roinn I, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), ós rud é go mbaineann siad le trálaeir.

([4]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) - 66ú Tuarascáil Iomlánach (PLEN-21-01). EUR 28359 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021, ar fáil anseo: https://stecf.jrc.ec.europa.eu/reports/plenary/-/asset_publisher/oS6k/document/id/2851300

([5]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

(18) D'údaraigh an Chróit maolú ar an méid mhogaill íosta a mhéid a bhaineann leis an saighne cladaigh traidisiúnta "oližnica" a úsáid chun smealt gainimh (*Atherina boyeri)* a iascach, maolú a bunaíodh in Airteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ar bhonn chomhlíonadh cheanglais Airteagal 9(7) den Rialachán sin, i bhfianaise chineál an-roghnaíoch na n-iascach lena mbaineann, i bhfianaise na héifeachta diomaibhsí atá aige sin ar an muirthimpeallacht agus i bhfianaise nach ndéanann forálacha Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 difear dó.

(19) Scriosadh Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 le Rialachán (AE) 2019/1241. I gcomhréir le hIarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, áfach, is féidir le maoluithe ó mhogaillmhéideanna íosta arna nglacadh ar bhonn Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, a bhí i bhfeidhm an 14 Lúnasa 2019, leanúint d'fheidhm a bheith acu, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar ghabhálacha iasc óg mar thoradh orthu. An síneadh ar an maolú a d'iarr an Chróit, comhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 15(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus in Iarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, toisc nach dtagann meath ar na caighdeáin roghnaíochta de dheasca an tsínidh sin, go háirithe i dtéarmaí méadú ar ghabhálacha iasc óg, a bhí ann an 14 Lúnasa 2019, agus dírítear leis ar na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 3 agus Airteagal 4 den Rialachán sin a bhaint amach.

(20) Tugann an Coimisiún dá aire nár údaraigh an Chróit maolú ina plean bainistithe ó cheanglais Airteagal 9(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, arna ionadú le hAirteagal 8(1) agus Iarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, maidir leis na saighní cladaigh traidisiúnta "girarica" agus "migavica" a úsáid chun picréil (*Spicara smaris*) a iascach.

(21) Bíonn na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann ar siúl 500 méadar ón gcósta agus dá bhrí sin ní chuireann siad isteach ar ghníomhaíochtaí soithí eile.

(22) Áirithítear le plean bainistithe na Cróite gur fíorbheag iad gabhálacha na speiceas a luaitear in Iarscríbhinn IX, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, ó tharla gurb iad smealt gainimh (*Atherina boyeri*) agus picréil (*Spicara smaris*) na spriocspeicis, agus nach luaitear iad in Iarscríbhinn IX, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241.

(23) Tá gníomhaíochtaí iascaireachta an-roghnaíoch agus ní dhíríonn siad ar cheifileapóid.

(24) Le plean bainistithe na Cróite, áirítear bearta maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 4(5), an cúigiú fomhír, agus in Airteagal 13(9), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(25) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([6]).

(26) Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur leis na maoluithe arna n-iarradh ar feadh tréimhse 2 bhliain.

(27) Ba cheart don Chróit tuairisciú don Choimisiún i dtráth cuí agus i gcomhréir leis an bplean faireacháin dá bhforáiltear i bplean bainistithe na Cróite.

(28) Trí fhad an mhaolaithe a theorannú, áiritheofar cur i bhfeidhm tapa bearta bainistithe ceartaitheacha i gcás ina léirítear drochstádas caomhantais na stoc saothraithe sa tuarascáil chuig an gCoimisiún, agus leis sin an bunús eolaíoch a fheabhsú chun plean bainistithe feabhsaithe a chur ar fáil.

(29) Ós rud é go ndeachaigh an maolú a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1586 in éag an 26 Deireadh Fómhair 2021, d'fhonn leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo le héifeacht ón 27 Deireadh Fómhair 2021.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

(30) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(31) Tá an Rialachán seo gan dochar do sheasamh an Choimisiúin maidir le comhlíonadh na gníomhaíochta a chumhdaítear leis an maolú seo le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 92/43/CEE ón gComhairle ([7]).

(32) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán i gcomhréir le tuairim an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maolú

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 in uiscí teorann na Cróite maidir leis na saighní cladaigh "girarica" agus "migavica" a úsáid chun picréil (*Spicara smaris*) a iascach.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 in uiscí teorann na Cróite maidir le soithí atá gníomhach sna hiascaigh seo a leanas:

(a) na saighní cladaigh "oližnica" i mbun smealt gainimh (*Atherina boyeri*) a iascach; agus

(b) na saighní cladaigh "girarica" agus "migavica" i mbun picréil (*Spicara smaris*) a iascach;

3. Maidir leis na soithí a bhainfidh úsáid as na saighní cladaigh dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2:

(a) beidh cláruimhir orthu a leagtar amach i bplean bainistithe na Cróite a ghlac an Chróit;

(b) beidh teiste san iascach acu ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus ní bheidh aon mhéadú eile ar an iarracht iascaireachta a cuirfear ar fáil i gceist leo; agus

(c) ag a bhfuil údarú iascaireachta agus atá ag feidhmiú faoi phlean bainistithe na Cróite i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

Airteagal 2

Plean agus tuarascáil faireacháin

Cuirfidh an Chróit tuarascáil arna tarraingt suas i gcomhréir leis an bplean faireacháin a bunaíodh i bplean bainistithe na Cróite dá dtagraítear in Airteagal 1(3), pointe (c), in iúl don Choimisiún faoin 26 Deireadh Fómhair 2023.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 27 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2023.

([7]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN